Comhairle an Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 26 Bealtaine 2026**
**(OR. en)**

**9660/26**

**STATIS 44**
**TRANS 337**
**COMPET 618**

**NÓTA CLÚDAIGH**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaí an Choimisiúin Eorpaigh, arna s(h)íniú ag Martine DEPREZ, Stiúrthóir |
| dáta a fuarthas: | 21 Bealtaine 2026 |
| chuig: | Thérèse BLANCHET, Ardrúnaí Chomhairle an Aontais Eorpaigh |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | COM(2026) 242 final |
| Ábhar: | TUARASCÁIL ÓN gCOIMISIÚN CHUIG PARLAIMINT NA hEORPA AGUS CHUIG AN gCOMHAIRLE<br>maidir le feidhmiú na cumhachta chun gníomhartha tarmligthe a ghlacadh a thugtar don Choimisiún de bhun Rialachán (AE) 2018/643 maidir le staidreamh i ndáil le hiompar d'iarnród |

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad COM(2026) 242 final.

---

Faoi iamh: COM(2026) 242 final

AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 21.5.2026
COM(2026) 242 final

**TUARASCÁIL ÓN gCOIMISIÚN CHUIG PARLAIMINT NA hEORPA AGUS CHUIG AN gCOMHAIRLE**

**maidir le feidhmiú na cumhachta chun gníomhartha tarmligthe a ghlacadh a thugtar don Choimisiún de bhun Rialachán (AE) 2018/643 maidir le staidreamh i ndáil le hiompar d'iarnród**

**TUARASCÁIL ÓN gCOIMISIÚN CHUIG PARLAIMINT NA hEORPA AGUS CHUIG AN gCOMHAIRLE**

**maidir le feidhmiú na cumhachta chun gníomhartha tarmligthe a ghlacadh a thugtar don Choimisiún de bhun Rialachán (AE) 2018/643 maidir le staidreamh i ndáil le hiompar d'iarnród**

## 1. RÉAMHRÁ

Le hAirteagal 3(2) de Rialachán (AE) 2018/643 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([1]), tugtar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 10 den Rialachán sin. Féadfaidh an Coimisiún an chumhacht sin a fheidhmiú chun forbairtí nua a chur san áireamh lena n-éilítear sonraí teicniúla áirithe a shainiú chun comhchuibhiú staidrimh a áirithiú. Go sonrach, féadfaidh an Coimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh chun an méid seo a leanas a dhéanamh:

- na sainmhínithe teicniúla a leagtar amach i bpointí (8), (9), (10), (21), (22) agus (23) de mhír 1 d'Airteagal 3 a oiriúnú;
- sainmhínithe teicniúla breise a leagan síos.

Ní mór don Choimisiún a áirithiú, agus a chumhacht á feidhmiú aige, nach gcuirfidh na gníomhartha tarmligthe ualach suntasach breise ar na Ballstáit ná ar na freagróirí. Thairis sin, ní mór don Choimisiún údar cuí a thabhairt leis na gníomhaíochtaí staidrimh a leagtar síos sna gníomhartha tarmligthe sin, agus úsáid á baint, i gcás inarb iomchuí, as anailís ar chostéifeachtacht lena ndéantar measúnú ar an ualach ar fhreagróirí agus ar na costais táirgthe.

Faoi mar a shonraítear in Airteagal 10(4), roimh dó gníomh tarmligthe a ghlacadh, ní mór don Choimisiún dul i mbun comhairliúchán le saineolaithe arna n-ainmniú ag gach Ballstát i gcomhréir leis na prionsabail a leagtar síos i gComhaontú Idirinstitiúideach an 13 Aibreán 2016 maidir le Reachtóireacht Níos Fearr([2]).

## 2. BUNÚS DLÍ

Faoi Airteagal 10(2) de Rialachán (AE) 2018/643, déantar an chumhacht chun gníomhartha tarmligthe a ghlacadh dá dtagraítear in Airteagal 3(2) den Rialachán sin a thabhairt don Choimisiún go ceann tréimhse 5 bliana ón 13 Nollaig 2016. Déanfar tarmligean na cumhachta a fhadú go hintuigthe go ceann tréimhsí 5 bliana, ach amháin i gcás ina gcuirfidh Parlaimint na hEorpa nó an Chomhairle in aghaidh an fhadaithe sin. Tráth nach déanaí ná 9

[1] Rialachán (AE) 2018/643 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 18 Aibreán 2018 maidir le staidreamh i ndáil le hiompar d'iarnród (IO L 112, 2.5.2018, lch. 1;
ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2018/643/oj).

[2] Comhaontú Idirinstitiúideach idir Parlaimint na hEorpa, Comhairle an Aontais Eorpaigh agus an Coimisiún Eorpach maidir le Reachtóireacht Níos Fearr (IO L 123, 12.5.2016, lch. 1;
ELI: http://data.europa.eu/eli/agree_interinstit/2016/512/oj).

mí roimh dheireadh na tréimhse 5 bliana, ní mór don Choimisiún tuarascáil a tharraingt suas maidir le tarmligean na cumhachta. Chuir an Coimisiún a chéad tuarascáil isteach in 2021([3]). Is í seo an dara tuarascáil.

## 3. AN TARMLIGEAN A FHEIDHMIÚ

Ó tháinig Rialachán (AE) 2018/643 i bhfeidhm, níor fheidhmigh an Coimisiún fós an chumhacht chun gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 10 den Rialachán sin.

Pléadh feabhsuithe a d'fhéadfaí a dhéanamh ar staidreamh i ndáil le hiompar d'iarnród, agus déanfaidh an Grúpa Saineolaithe um Staidreamh i ndáil le hIompar d'Iarnród agus an Grúpa Comhordaithe um Staidreamh i ndáil le hIompar plé orthu amach anseo, arb iad na Grúpaí sin a dhéanann cíoradh tráthrialta ar na costais agus na hualaí a d'fhéadfadh a bheith ar na Ballstáit.

Mar gheall ar na riachtanais athraitheacha staidrimh de bharr na Straitéise Cuimsithí um an tSoghluaisteacht Inbhuanaithe agus Chliste (spriocanna 2020-2050) ([4]) agus tograí beartais eile, amhail beartas an Aontais maidir leis an ngréasán tras-Eorpach iompair (TEN-T)([5]), an Rialachán maidir le faisnéis leictreonach faoi iompar lastais (eFTI)([6]), plean iarnróid ardluais an Aontais([7]) agus beartais maidir leis an toilleadh bonneagair iarnróid a úsáid sa limistéar Eorpach aonair iarnróid([8]), d'fhéadfaí a cheangal ar an gCoimisiún amach anseo gníomhartha tarmligthe a ghlacadh chun na sainmhínithe teicniúla i Rialachán (AE) 2018/643 a oiriúnú nó a fhorlíonadh.

---

[3] Tuarascáil ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa agus chuig an gComhairle maidir le feidhmiú na cumhachta chun gníomhartha tarmligthe a ghlacadh a thugtar don Choimisiún de bhun Rialachán (AE) 2018/643 maidir le staidreamh i ndáil le hiompar d'iarnród (COM(2021) 98 final, 2.3.2021; https://eur-lex.europa.eu/legal-content/TXT/?uri=CELEX%3A52021DC0098).

[4] COM(2020) 789 final, 9.12.2020; https://eur-lex.europa.eu/legal-content/TXT/?uri=CELEX%3A52020DC0789.

[5] Rialachán (AE) 2024/1679 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 13 Meitheamh 2024 maidir le treoirlínte an Aontais chun an gréasán tras-Eorpach iompair a fhorbairt, lena leasaítear Rialacháin (AE) 2021/1153 agus (AE) Uimh. 913/2010 agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE) Uimh. 1315/2013 (IO L, 2024/1679, 28.6.2024; ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2024/1679/oj).

[6] Rialachán (AE) 2020/1056 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 15 Iúil 2020 maidir le faisnéis leictreonach faoi iompar lastais (IO L 249, 31.7.2020, lch. 33; ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2020/1056/oj).

[7] https://transport.ec.europa.eu/transport-modes/rail/high-speed-rail-plan_en (Le fáil i mBéarla amháin).

[8] COM(2023) 443 final, 11.7.2023; https://eur-lex.europa.eu/legal-content/GA/TXT/?uri=celex:52023PC0443.